NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10666 — Brookfield/Telia Company/Telia Towers Sweden)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 150/05)

1. An 29 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Brookfield Asset Management Inc ("Brookfield", Ceanada),

— Telia Company AB ("Telia Company", an tSualainn),

— Telia Towers Sweden AB ("Telia Towers Sweden", an tSualainn).

Faigheann Brookfield agus Telia Company, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán Cumaisc, rialú comhpháirteach ar Telia Towers Sweden, cuideachta ar léi bonneagar éighníomhach teileachumarsáide gan sreang (i.e. crainn agus túir) sa tSualainn le haghaidh socrú teicneolaíocht cumarsáide gan sreang ag a gcustaiméirí, agus a oibríonn an bonneagar sin.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

a. i gcás Brookfield: soláthar domhanda raon táirgí agus seirbhísí infheistíochta poiblí agus príobháideacha, atá dírithe ar eastát réadach, ar bhonneagar, ar chumhacht in-athnuaite agus ar chothromas príobháideach;

b. i gcás Telia Company: seirbhísí teileachumarsáide móibílí agus fosaithe, chomh maith le seirbhísí leathanbhanda agus teilifíse a sholáthar sa Danmhairg, san Eastóin, san Fhionlainn, sa Laitvia, sa Liotuáin, san Iorua agus sa tSualainn; agus

c. i gcás Telia Towers Sweden: úinéireacht agus oibriú bonneagair éighníomhaigh teileachumarsáide gan sreang (*i.e.* crainn agus túir) sa tSualainn le haghaidh socrú teicneolaíocht cumarsáide gan sreang ag a gcustaiméirí. Is le Telia Towers Sweden thart ar 3,800 suíomh bonneagair teileachumarsáide éighníomhach gan sreang ar fud na Sualainne, agus oibríonn sí iad.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10666 — Brookfield/Telia Company/Telia Towers Sweden

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË